Inniúlacht Cartlainne Meán

Tuairisc Chinn Bhliana ar an togra X-Bealach

www.ard.ie

Feabhra 2013

© ICM Ard-Media 2013

Clár

Réamhfhocal 6
Nóta ar leagan amach an doicimint seo 6
Achoimre 7
CAIBIDIL I Leagan amach an tionscnaimh X-Bealach 8
Fíor I Leagan amach ar an togra X-Bealach, le iTunes U-COGG ar an imeall mar fhéidearthacht. Tá an spreagadh teicneolaíochta leis an ailtireacht seo leagtha amach in [X-Bealach 2012]. 8
Fíor II Tá X-Bealach ar fáil sa "Scamall" i 2012. I 2013 beidh sé ar fáil ar an Scamall agus ar infreastruchtúr insuite X-Bealach. 8
Fíor III Tá an decode á thaispeáint i láthair na huaire le thaispeáint cén chaoi an bhfeidmhíonn mír "CAGG—Comhtheagmháil Aircíve (Ionchuardaíocht meáin) Gàidhlig & Gaeilge. 10
Ailtireacht meáin: tógraí a bhfuil X-Bealach inúsáide leo 10
Fíor IV An nasc idir Ard-Media agus Europeana. Díríonn purl (saghad glas) chuig suíomh idirlín an sothráthóir (http://www.ard.ie) chun an t-ábhar a rochtain. 11
Inmharthanacht 11
Údarás na Gaeltachta *versus* Bord Fiontraíochta na Gaillimhe 12
ICM Ard-Media agus SCMN: soiléiriú ar ainmníocht 12
Buíochas 13
CAIBIDIL II Caiteachas 14
Tábla I Feidhmíocht an togra de réir meitricí leagtha síos san iarratas chuig Foras na Gaeilge [Ó Conaire Foras 2012] agus i 2013. 14
Tábla II Achoimre ar caiteachas agus ionacam togra. 14
CAIBIDIL III iTunes U 15
iTunes U-COGG 15
Gradam Ireland eGovernment Award 2012 15
"Why they were shortlisted" 15
"See who was there and winners" 15
Fíor V Gradam Catagóire bainte amach ag ICM, COGG agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh 15
iTunes U & Scoil an Oideachais OÉ, Gaillimh 16
Stataisticí úsáidte iTunes 16
2013+…Plean monlta do thodhchaí an chainéil 16
Fíor VI Staid reatha an chainéal; leagan amach, mar sin ar cén chaoi an dtagann ábhar isteach ar an gcainéal. 17
Fíor VII Athruithe fhéideartha a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bheagán costas chun an méid ábhar a threisiú trí rannpháirteach bhreise a éascú agus foinsí ábhair a leathnú amach. 17
CAIBIDIL IV Tograí ag feidhmiú sa timpeallacht chéanna 18
Fealsún 18
Apple 18
Téacs go Teanga (Foras na Gaeilge) 18
CAIBIDIL V Cóipchearta 19
Fíor VIII Cóipchearta—soiléireacht d'úsáideoirí an chainéil; sé shamhail intuigthe ó Creative Commons [CC 2012]. 19
CAIBIDIL VI Inrochtain meán: léargas ar fhorbairt crua-earraí 20
Gléasraí móibíleach/soghluaiste anois agus sa todhchaí 20
Fíor IX Úsáid idirlín de réir gléasra, soghluaiste agus deasc. Foinse: Morgan Stanley Research. 21

Fíor X Úsáid idirlín de réir gléasra: agus deasc (gorm), fón (dearg) agus táibléad (dubh). Foinse: Der Spiegel [43/2012]. 21

CAIBIDIL VII Conclúid: forbairt X-Bealach ó 2013 ar aghaidh 22

2013... 22

2014+..... 22

Tagairtí 23

iTunes U-COGG 23

Cóipchearta 23

X-Bealach agus bainteach 23

Aguisín I Idirghníomhaíocht le hApple 25

Tábla III Innealtóirí le hApple a thug comhairle i dtaobh ritheacht an chainéil. 25

Aguisín II Cáilíochtaí bhreise 25

Tábla IV Cáilíochtaí bainte amach le linn "saoil" an chainéil iTunes U-COGG. 25

Aguisín III Infreastruchtúr trealaimh iTunes U-COGG 26

Tábla V Cur síos ar shonraíochta na bhfreastalaithe iTunes U-COGG 26

Aguisín IV Téarmaíocht Apple (staitisticí úsáide) 27

Tábla VI Treoir Apple ar na réimsí grafach i bhFíor XIII. 27

Aguisín V Costais agus Ioncam 28

Tábla VII Costais ar an togra. Tá na figiúirí seo sealadach agus le deimhniú tar éis deireadh na bliana. 28

Tábla VIII Ioncam an togra. Tá na figiúirí seo sealadach agus le deimhniú tar éis deireadh nab liana. 28

Tábla IX Achoimre ar mhórchaiteachas togra. Tá na figiúirí seo sealadach agus le deimhniú tar éis deireadh nab liana. 28

Aguisín VI Staitisticí Úsáide 29

Fealsún 29

Fíor XI Staitisticí Úsáide do http://www.fealsun.org, Bealtaine 2012—Eanáir 2013; foinse: Webalizer Stats. 29

iTunes U 30

I. Seachtainiúil 30

Fíor XII Buntaistí a bhaineann leis an dá chóras bainistithe meán, de réir úsáid (féach fresin Aguisín V, Tábla XII áit a bhfuil na réimsí sainmhínithe): 30

II. Náisiúnta agus Idirnáisiúnta 31

Fíor XIII Léiriú grafach pi ar bhunáitíocht úsáidte iTunes U-COGG. Taispeántar go bhfuil úsáid suntasach taobh amuigh d'Éireann ar an ábhar. I bhfocail eile, tá úsáid á bhaint as an gcainéal taobh amuigh de sheomraí ranga. 31

Úsáid tréimhse 10 mí 32

Tábla X Staitisticí úsáide seachtainiúil de réir catagóir; tá na catagóir sainmhínithe in Aguisín V, thuas. 33

Tábla XI Staitisticí úsáide laethúil de réir catagóir; tá na catagóir sainmhínithe in Aguisín V, thuas. 34

Aguisín VII Sainiú ar easpa infreastruchtúr cartlannaíochta (inrochtaineacht) na Gaeilge agus a réiteach 43

Aguisín VIII Tuairisc chinn bhliana (2010) chuig Colmcille ar an togra CAGG, inneall cuardaigh teanga-dhírithe atá in úsáid in X-Bealach 2 2012 44

Fo-aguisín VIII (c) – "A catalogue of errors: Libraries' missing millions" 44

Fo-aguisín VIII (d) — Garspriocanna atá bainte amach ag ICM le gairid (obair leanúnach san áireamh) 45

Fo-aguisín VIII (e) – Foilseacháin 46

Aguisín VIII (f) — Cruinnithe, Teagmhála, srl. a bhfuil baint díreach acu leis an éileamh seo.....48

Réamhfhocal

Seoladh dréacht den doicimint críochnaitheach seo chuig Foras na Gaeilge ag deireadh 2012. Cuireadh forbairtí bhreise leis an togra ó shin i leith chun an togra a thabhairt go staid leagan 2.1. As sin i leith, tugadh an tuairisc suas chun dáta dá réir.

Ag am a scríofa, tá an togra á chur i láthair chuig Foras na Gaeilge i mBaile Átha Cliath ar an 5 Feabhra 2013. Tá na spriocanna mar a leagadh amach san iarratas [Ó Conaire Foras 2012] bainte amach anseo. Tá an Tábla "Sonraí na gCostas ón tuairisc chéanna, curtha i láthair arís anseo. Ar ndóigh ba réamh-mheasúnú a bhí sa tábla iarratais; is iad na figiúirí crua atá le taispeáint anseo.

Tá súil an togra seo a thabhairt ar aghaidh go suntasach i 2013; chabhródh ábhar leis seo agus beidh forbairtí bhreise leis, leagtha amach sa tuairisc seo.

Nóta ar leagan amach an doicimint seo

Cloíann an doicimint seo le leagan amach uimhriúil ar chaibidil, fíoracha, agusíní, clófhoireann agus táblaí suas chomh fada le hAguisín VII. Tar éis an pointe seo, cloítear leis an gcóras a úsáideadh sna bunchomhaid.

Achoimre

Sroicheadh ceann scríbe suntasach leis an togra bainistíochta meáin is forásaí in Éirinn le conclúid de X-Bealach 2.0 i Nollaig 2012.

Leagtar amach na torthaí de réir na spriocanna a leagadh amach san iarratas a mhaoinigh Foras na Gaeilge i 2012 [Ó Conaire Foras 2012], an staid reatha agus na mórspriocanna atá amach roimhe. Leagtar amach freisin an nuálaíocht a bhaineann leis an togra, fíric a thugann dearbhú don ráiteas "…an togra meáin is forásaí…" ag tús an achoimre seo.

Is ardán ilmheáin atá in X-Bealach atá inoibrithe leis an gcartlann is mó san Eoraip ag úsáid na teicneolaíochtaí is *avant garde* as mórthograí OAIPMH[1] agus LOD[2]. Tá na teicneolaíochtaí seo chun a bheith anseo sa bhfadtéarma. Taispeántar fresin cén fáth an dteastaíonn ábhar a chur i láthair mar seo ionas go mbeidh úsáid á bhaint as. Úsáidtear sampla iTunes U-COGG, buaiteoir duais Ireland eGovernment 2012, le leiriú cén fáth an dteastaíonn ó ábhar a bheith i "lár na sráide" ó thaobh inrochtaineacht.

Déileáiltear leis na coincheapanna a leanas go minic sa tuairisc mar go bhfuil siad ag croílár na rochain-chartlannaíochta meán atá ag tiomáint an togra seo:

- Linked Open Data agus RDF (Resource Description Framework)
- Cóipchearta *vis à vis* Creative Commons
- OAI PMH *vis à vis* Europeana ESE

Tá íosmhéid ábhair ar fáil (fís agus fuaim ó TG4 agus RTÉ Raidió na Gaeltachta) chun an teicneolaíocht a léiriú.

Ní ábhar iontais go mbaineann cóipchearta ilghnéitheach le hábhar ileghnéitheach agus tugtar achoimre ar bhainistiú ábhar de chuile leibhéal úinéireachta agus cearta rochtana, go mórmhór agus an togra seo ag féachaint chuig 2013 agus ar aghaidh.

Go tábhachtach agus go lárnach, tá an cód ionchuardaithe a cruthaíodh le cabhair ó Cholmcille agus Foras na Gaeilge insuite san inneall cuardaigh. Tar éis a forbraíodh an áis seo i 2010, is féidir é a léiriú ar an bhfód sa deireadh ag an staid seo.

Tá sé de phlean ag ICM a bheith lonnaithe i gcampas gnó (ar nós An Gorlann, Údarás na Gaeltachta ón Earrach 2013). Meastar go mbeidh seo ar leasa aon fhorbairt ar an gcainéal amach anseo. Is ar na suíomhanna http://www.ard.ie/ agus http://www.ard-media.ie/ atá an tógra seo tógtha.

[1] Open Archives Initiative Protocol for Metadata Harvesting

[2] Linked Open Data

CAIBIDIL I Leagan amach an tionscnaimh X-Bealach



Fíor I Leagan amach ar an togra X-Bealach, le iTunes U-COGG ar an imeall mar fhéidearthacht. Tá an spreagadh teicneolaíochta leis an ailtireacht seo leagtha amach in [X-Bealach 2012].



Fíor II Tá X-Bealach ar fáil sa "Scamall" i 2012. I 2013 beidh sé ar fáil ar an Scamall agus ar infreastruchtúr insuite X-Bealach.

Leagan Fíor I, III, IV amach go graificiúil ailtireacht an togra mar a cuireadh i gcrích i 2012, le leide tugtha ar an leagan amach ó 2013 ar aghaidh, Fíor III. Tá an togra mar a mhaoinigh Foras na Gaeilge ar fad le feiceáil os cionn an líne briste i bhFíor I. Is cartlann inaistrithe le Leabharlann Digiteach na hEorpa atá anseo. Thosaigh leagan 1.0 de seo amach ar fhreastalaí i mBéal Feirste, http://www.thran.co.uk agus bogadh ar aghaidh go dtí http://www.ard.ie é. Is le Ard-Media an t-ainm fearainn seo.

Tríd droichead *persistent identifier* http://purl.oclc.org/, is féidir ábhar atá ar fáil ar shuíomh ar nós http://www.ard.ie a roinnt ar Europeana, an togra cartlainne is mó agus nualaíocht ar domhain. Tá an tábhacht leis seo mínithe níos deireanaí sa gcáipéis seo.

Tá iTunes U agus Fealsún luaite sa léaráid chéanna; cé nach bfhuil baint díreach acu leis an togra ag an bpointe seo tá a dtábhacht féin acu sa togra sa bhfadtéarma. Fealsún le taighde agus forbairt agus iTunes U maidir le inaistríocht ábhar thar ardáin le ard-ghradam, úsáid agus feiceálacht.

Tugann Figiúr II le fios go bhfuil an togra óstáilte i mbliana. Tá mí-bhuntáistí shuntasach ag baint leis seo, ceist a phléifear níos faide ar aghaidh. I 2013, beidh a infreastruchtúr féin ag X-Bealach. Tá cur síos iomlán ar an inrfreastruchtúr seo déanta níos faide sa doicimint freisin. Beidh an infreastruchtúr seo in ann freastal ar na tograí seo agus tuilleadh.



Fíor III Tá an decode[3] á thaispeáint i láthair na huaire le thaispeáint cén chaoi an bhfeidmhíonn mír "CAGG—Comhtheagmháil Aircíve (Ionchuardaíocht meáin) Gàidhlig & Gaeilge."

Ailtireacht meáin: tógraí a bhfuil X-Bealach inúsáide leo

Ní mór an togra X-Bealach a leagan amach sa gcomhthéacs teicneolaíochta ina bfhuil sé tógtha, cúlra leathan meán (cartlannaíocht , inrochtaineacht, Linked Open Data), gaolmhaireacht inrochtaineacht Ghaeilge na hÉireann agus na hAlban agus cur chuige teicneolaíochta teanga-dhírithe dá réir.

- An togra X-Bealach: an réiteach bog (toradh an togra a mhaoinigh Foras na Gaeilge)
- An togra X-Bealach: an réiteach crua (trealamh)
- ESE v3.2 (Europeana Semantic Elements). Ag úsáid OAI PMH. Seo é European Data Model (EDM) ESE+Linked Open Data
- CAGG (X-Bealach amháin)
- iTunes U (táinisteach)

[3] Decode: míniú don duine ar chéard atá an cód ríomharúil ag déanamh.



Fíor IV An nasc idir Ard-Media agus Europeana. Díríonn purl (saghad glas) chuig suíomh idirlín an sothráthóir (http://www.ard.ie) chun an t-ábhar a rochtain.

Inmharthanacht

Tá maoiniú curtha ar fáil don togra seo ag dhá eagraíocht Gaeilge—sin Colmcille i 2011 agus Foras na Gaeilge i 2012. Gan aon amhras, tá muid fíor-bhuíoch as an mhaoiniú seo a thug deis don togra seo a thabairt go dtí an staid a dúradh go dtabharfaí é.

Is ábhar suntais é go bhfuair an togra seo maoiniú ó Bhord Fiontraíochta Contae agus Cathrach na Gaillimhe ag an bpointe forbartha seo. Bhí an t-iarratas maoinithe iontach comórtasach—bhí orainn a léiriú go raibh an togra seo sa gceathrú ba comórtasaí [Ó Conaire BFCCG 2012] d'iarratais chuig an Bord Fiontraíochta. Ní raibh suntas ar bith curtha sa diminsean teanga—más rud ar bith, ba cruit a bhí ann ar dtús chun leataobh in aghaidh na Gaeilge a shárú. Dúradh go lom, "cén fáth nach féidir leis an Údarás cabhrú leat?" Freagra na ceiste sin go gairid sa gcéad mír eile.

Ní hamháin go raibh an Bord Fiontraíochta sásta cabhrú linn, bhí muid in ann 50% den trealamh a cheannach gan cabhair ó iasachtaí bainc. Lena chois sin, tá an Bord féin iontach sásta cabhrú linn chun trealamh a cheannach i 2013.

Pléite níos deireanaí, ba mhaith linn go mbeadh Foras in ann cabhrú linn freisin i 2013 chun an togra seo a thabhairt níos faide.

Tá an tAontas Eorpach sásta airgead a chaitheamh ar thograí meán atá inaistrithe, féach [Europeana Technical 2013]. Chomh fada is go bhfuil an togra forásach agus rannpháirteach, beidh údar lena mhaoiniú ag leibhéil níos leithne ná eagraíochtaí Gaeilge.

Údarás na Gaeltachta *versus* Bord Fiontraíochta na Gaillimhe

B'údar díomá, chun a bheith glan fírinneach an freagra ar iarratas ar mhaoiniú ón Údarás. Dúradh liom gurbh í réimse na cartlannaíochta a bhfuil coimitmint ag an tÚdarás chuige ná Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Baineann obair an Acadaimh leis an Acadamh ach níl aon chomparáid réasúnach idir an obair atá ar siúl ag ICM Ard-Media agus an tAcadamh. Tá difríochtaí idir an chartlannaíocht tradisiúnta agus Inrochtanaíocht, mar atá á chur sa tsiúil anseo damanta scoite óna chéile.

I ndeireadh thiar, tá luach ar airgead as an togra seo, gan dabht ar bith ar an togha. Sa réimse seo, ní féidir le duine, go deimhin eagraíocht féin, ruathar aonair a dhéanamh mar go mbeidh tacaíocht teicneolaíochta i gcónaí de dhíth—fiú má thagann an t-am atá an réiteach ag staid inmhe.

Ag breathnú siar ar an scéal, tá an togra i seasamh i bhfad níos fearr anois gur mhaoinigh Bord Fiontraíochta Contae agus Cathrach na Gaillimhe é mar nach bhfuil aon bhunús ag an nGaeilge, mar shampla, air, rud a d'fhéadfaí a chur ina leith dá mbeadh an mhaoiniú ag teacht ón Údarás. I ndeireadh thiar, meastar go mbeidh an tÚdarás níos mó ná sásta tacú leis an togra seo san am atá romhainn. Tá súil ag ICM Ard Media go dtiocfaidh athrú ar an tsamhail mhaoinithe a thugann tús áite do phostanna ag pá íseal; sé sin le rá, €8,000 ar chuile phost, cuma cén pá atá á thairiscint.

ICM Ard-Media agus SCMN: soiléiriú ar ainmníocht

Tá an fhiontraíocht Inniúlacht Cartlainne Meán, ICM, ag feidhmiú go neamhspleách ó 2009. Thosaigh sé amach mar mar shaorfhorbróir aircíve. Mar sin, is gníomhaíocht taighde agus forbairt-dírithe a bhí ann. Cuireadh Ard-Media ar an bhfód i 2012 de bharr staid inmhe a bheith sroichte ag obair ICM. De bharr go mbeidh úsáideoirí in ann obair ICM a úsáid anois (cé go mbeidh an líon ábhar teoranta go ceann scatha), tugann an teideal Ard-Media níos mó soiléireacht do chuspóirí agus úsáid an chainéil.

Mar sin is ionann ICM agus Ard-Media. Má úsáidtear go malartach na hainmneacha, is de bharr comthéacs a déantar seo. Tá trí ainm ag an bhfiontraíocht Ard-Media atá aitheanta go dtí an lá inniu de réir dlí ag Oifig na gCuideachtaí agus na Coimisinéirí Ioncam:

- Seirbhísí Cartlannaíochta sna Meáin Nua
- Inniúlacht Cartlainne Meán
- Ard-Media

Buíochas

Foras na Gaeilge—Gearóid Trimble agus Colm Ó Baoill; Bord Fiontraíochta Contae agus Cathrach na Gaillimhe—Breda Fox; Katharina Gebhardt Photography and Web Design; Éanna Ó Brádaigh, Bainisteoir Forbairt Gnó san Oideachas, Apple; Fionnuala & Beairtle Ó Conaire; Seán Ó Grádaigh (DGO, OllscoilÉG); Pat Egan Web, Ronan Rafferty, X-Bealach I; Jason Clarke, Vieux Livres Neufs, X-Bealach 2; Mark Heneghan; Freda Nic Ghiolla Chatháin;

CAIBIDIL II Caiteachas

Déantar achoimre ar an gcaiteachas agus ionacam togra anseo.

San iarratas a seoladh chuig an bhForas, rinneadh iarracht leagan réamh-mheasta a dhéanamh. Tá an buiséad mar a caitheadh leagtha amach anois anseo, agus réamh-mheastachán ar bhuiséad 2013. **Níl sa gcaibidil seo ach achoimre: tá léiriú iomlán ar fáil san Aguisín, "Costais agus Ioncam."**

Ar deireadh, tá Foras na Gaeilge i dteideal creidmheas den iomlán ar an CBL a baineadh amach i 2012, €1,998.20.

Meitric	Breithiúnas
Críochnaithe in am	Tá
Faoi bhuiséad	Tá
Sábhailt airgid don Fhoras	Tá
Cothabháil mar chuid den íocaíocht 2012	Níl
Togra atá inmharthanacht léirithe aige	Tá

Tábla I Feidhmíocht an togra de réir meitricí leagtha síos san iarratas chuig Foras na Gaeilge [Ó Conaire Foras 2012] agus i 2013.

Níl na sonraí ar fáil sa leagan foilsithe.

Tábla II Achoimre ar caiteachas agus ionacam togra.

CAIBIDIL III iTunes U

iTunes U-COGG

Ag tosaigh i 2009, chomhlánaigh ICM taighde tuairiscithe Iniúchadh ar Fhéidearthachtaí agus Cur Chuige Bunaithe iTunes U) [iTunes U Tús 2010]. D'éirigh leis an tuairisc dhul i bhfeidhm ar an COGG agus faoi infreastruchtúir idirlín Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Tá an togra iTunes U imithe ó neart go neart o. Tá cosúlachtaí thábhachta theicneolaíochta idir iTunes U agus X-Bealach. Mar gheall ar seo, déanfar cur síos ar nithe a bhaineann leis an togra iTunes.

D'éirigh go geal leis an togra seo, idir ghradaim bainte amach agus rochtain ar an gcainéal. Tá gach eolas mion faoin gcainéal ar fáil saTuairisc Chinn Bhliana [iTunes U 2012]. Tá na míreann a bhaineann leis an togra seo ar fáil sa gcáipéis seo.

Gradam Ireland eGovernment Award 2012

Bhuaigh an COGG, Inniúlacht Cartlainne Meán agus Ollscoil na hÉireann Gaillimh gradam ríomh-Rialtais na hÉireann 2012, féach http://www.abairleat.kontain.com/fealsun/entries/64360/bronnadh-gradaim-irelandegovernment-caisleán-bhaile-átha-cliath-25-aibreán-2012/.

"Why they were shortlisted"

Tugann an físeán seo léargas ar na tograí a bhí ar an ngearrliosta agus céard a thug go leibhéal buacach. Féach ar an bhfíseán anseo…

"See who was there and winners"

Mar atá thugann an teideal le fios. Féach ar an bhfíseán anseo…

Fíor V Gradam Catagóire bainte amach ag ICM, COGG agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

De bhuíochas an méid atá bainte amach ag iTunes U-COGG ó a láinseáileadh é i 2012, tá ceisteanna faoina thodhchaí ag am a scríofa. Tá ICM dóchasach

ag an bpointe ama seo go mbeidh réiteach ar seo ionas nach ligfear na maidí le sruth ar thógra a bhfuil a fhiúntas léirithe chomh soiléir cheana.

iTunes U & Scoil an Oideachais OÉ, Gaillimh

Tá baint ag dhá eite d'Ollscoil na hÉireann, Gaillimh leis an togra seo. Ar thaobh amháin tá Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ag cur ábhar cartlainne (RTÉ Raidió na Gaeltachta den chuid is mó). Le gairid, tá Scoil an Oideachais rannpháirteach ag cruthú ábhair agus tá siad ag obair ar stádas "Apple Regional Training Centre" a bhaint amach. Tá súil mar sin go mbeidh sineirge idir mhúinteoirí, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ICM agus páirtithe leasmhara eile ag breathnú chun tosaigh. Tá Ard-Media ag súil go mór le bheith ag obair i gcomhar leis an Apple RTC a bheidh ag freastal ar fhoghlaimeoirí agus múinteoirí ar fud an chúige agus níos faide i gcéin.

Stataisticí úsáidte iTunes

Tá staitisticí úsáide don chainéal iTunes U leagtha amach in Aguisín VI Léiríonn siad gur ardán fiúntach é iTunes chun ábhar a fhoilsiú agus ceann mealltach do dhaltaí scoile agus pobal níos leithne ábhar oideachasúil a rochtain. Tá idir ábhar siollabais agus ábhar ginearálta ar fáil an gcainéal.

Tugtar staitisticí úsáidte iTunes U anseo mar léiriú ar an tábhacht a bhaineann le hábhar a bheith ar fáil ar ardán ard-tráchta inrochtana. Foilsíodh cainéal iTunes U-COGG anuraidh agus ó sin i leith tá os cionn 100,000 úsáid bainte as. Léiríonn na figiúirí úsáidte do 2012 go bhfuil éileamh láidir ar an gcainéal i mbliain a bhunaithe, le 3,000 síntiús tógtha amach agus líon íoschóipeáil os cionn 22,000. Le gach cineál úsáid as an gcainéal, íoschóipeáileadh agus breathnaíodh ar ábhar ón gcainéal os cionn 75,000 uair i dtréimhse 10 mí. Tá na sonraí seo leagtha amach nios mion ar lean.

2013+…Plean monlta do thodhchaí an chainéil

Leagan Fíor VI, VII amach go graificiúil an struchtúir oibre a bhain leis an gcainéal iTunes U go dtí seo agus an struchtúr molta do thodhchaí an chainéal. Tá cur síos níos mion ar seo [iTunes U 2012], ach don dioschúrsa seo, is struchtúr oibre atá ann chun an líon ábhar ar an gcainéal a mhéadú go as cuimse.



Fíor VI Staid reatha an chainéal; leagan amach, mar sin ar cén chaoi an dtagann ábhar isteach ar an gcainéal.



Fíor VII Athruithe fhéideartha a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bheagán costas chun an méid ábhar a threisiú trí rannpháirteach bhreise a éascú agus foinsí ábhair a leathnú amach.

CAIBIDIL IV Tograí ag feidhmiú sa timpeallacht chéanna

Fealsún

Cuireadh an togra Fealsún sa tsiúil roinnt mhaith blianta ó shin. Ón taobh amuigh, is suíomh foghlama Gaeilge atá ann d'eachtrannaigh. Ón taobh istigh, is samhail data atá ann chun ábhar fuaime a chur ar fáil i bhfoirm Linked Open Data. Ní dhéanfar tuilleadh plé ar an togra seo anseo mar go bhfuil sé taobh amuigh de chuspóirí X-Bealach. Is fiú é a luadh ag an am céanna, mar go mbaineann an tionscadal leis an taighde a chur X-Bealach sa tsiúil.

Apple

Tá mé i mbun teagmhála leanúnach le teicneoirí agus bainisteoirí in Apple de réir mar a bhaineann le mo chuid oibre reatha (iTunes U, ríomhaire Xsan don togra X-Bealach 2013) agus forbairtí fhéideartha. Pléadh Téacs go Teanga, Méarchlár Gaeilge, Uathcheartaitheoir Gaeilge i gcomhthéacs crua-earraí Apple, le Foras na Gaeilge i 2012.

Téacs go Teanga (Foras na Gaeilge)

Tá teagmhálacha déanta le forbróirí Apps agus leis an Ollamh Ailbhe Ní Chasáide atá i gceannas ar an togra http://www.abair.ie in Ollscoil na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Tar éis idirghabhálaíocht an Fhorais, tá suim léirithe i bprionsabal ag an Ollamh Uí Chasáide comhoibriú le cruthú app chun teicneolaíocht abair a úsáid chun Téacs go Teanga éascú ar ríomhairí tras-ardáin.

CAIBIDIL V Cóipchearta

Tá an leagan amach ar chóipchearta sa tuairisc bhunaithe [Ó Conaire *et al.*] agus le fáil ar an gcainéal iTunes U-COGG sásúil mar mhíniú agus treoir ghinearálta. Tá cóipchearta intreach ar an ábhar ach is maith a bheith in ann samhail aitheanta chóipchearta a chur leis an ábhar ionas go dtuigtear ar an bpointe céard is féidir a dhéanamh leis an ábhar. Is ceist thábhachtach í seo do mhúinteoirí agus do dhaltaí a bheadh ag iarraidh athúsáid a bhaint as an ábhar (mar shampla, an t-ábhar a athúsáid agus a fhoilsiú mar chuid dá gcuid oibre féin).

Clúdaíonn an sé shamhail ó Creative Commons [CC 2012] go mór le soiléiriú cóipchearta. Meastar go mbeadh péire acu seo, Attribution-NonCommercial-ShareAlike, CC BY-SACC, agus Attribution-ShareAlike, BY-NC-SA, déileáil le formhór an ábhair a atá ar an gcainéal faoi láthair agus a bheidh le theacht.



The Licenses

Attribution
CC BY

This license lets others distribute, remix, tweak, and build upon your work, even commercially, as long as they credit you for the original creation. This is the most accommodating of licenses offered. Recommended for maximum dissemination and use of licensed materials.

View License Deed | View Legal Code

Attribution-ShareAlike
CC BY-SA

This license lets others remix, tweak, and build upon your work even for commercial purposes, as long as they credit you and license their new creations under the identical terms. This license is often compared to "copyleft" free and open source software licenses. All new works based on yours will carry the same license, so any derivatives will also allow commercial use. This is the license used by Wikipedia, and is recommended for materials that would benefit from incorporating content from Wikipedia and similarly licensed projects.

View License Deed | View Legal Code

Attribution-NoDerivs
CC BY-ND

This license allows for redistribution, commercial and non-commercial, as long as it is passed along unchanged and in whole, with credit to you.

View License Deed | View Legal Code

Attribution-NonCommercial
CC BY-NC

This license lets others remix, tweak, and build upon your work non-commercially, and although their new works must also acknowledge you and be non-commercial, they don't have to license their derivative works on the same terms.

View License Deed | View Legal Code

Attribution-NonCommercial-ShareAlike
CC BY-NC-SA

This license lets others remix, tweak, and build upon your work non-commercially, as long as they credit you and license their new creations under the identical terms.

View License Deed | View Legal Code

Attribution-NonCommercial-NoDerivs
CC BY-NC-ND

This license is the most restrictive of our six main licenses, only allowing others to download your works and share them with others as long as they credit you, but they can't change them in any way or use them commercially.

View License Deed | View Legal Code

Fíor VIII Cóipchearta—soiléireacht d'úsáideoirí an chainéil; sé shamhail intuigthe ó Creative Commons [CC 2012].

CAIBIDIL VI Inrochtain meán: léargas ar fhorbairt crua-earraí

Tá an mhír seo curtha ar fáil leis an tábhacht le hinfreastruchtúr rochtana a a leathadh amach. Tugann sé dóigh den leibhéal tábhacht a bhaineann le hábhar ní hamháin a bheith inrochtana ach inúsáidte—go neamhspleách ó ghléasra—ag an am chéanna.

Gléasraí móibíleach/soghluaiste anois agus sa todhchaí

Léirítear dhá ghraf anseo atá ag tabhairt conclúid amháin atá tábhachtach i gcomhthéacs an staidéir seo. I dtosach, bhreathnódh muid ar na graif iad féin agus céard atá siad ag léiriú, ansin pléifear an conclúid.

Léiríonn Fíor IX, X an líon gléasraí cumasaithe don idirlíon a díoladh go domhanda le blianta anuas. Tosaíonn Fíor VI i 2007 agus déanann sé réamhaisnéis eachtarshuímh go 2015. Ní dhéantar eachtarshuímh i bhFíor IX ach tosaíonn sé timpeall 2000.

Níl na meitricí tomhais againn anseo agus mar sin ní ábhar imní nó bréagnaithe go bhfuil na figiúirí i bhFíor IX agus Fíor X éagsúil go maith óna chéile. Cén fáth é seo? Go simplí, tá an líon gléasraí soghluaiste/móibíleach ag fás go heaspónantúil.

Tá an conclúid ag eascairt as an scéal seo simplí go maith freisin: go bhfuil sé ar leasa aon réiteach teicneolaíochta atá ag soláthar ábhar meáin d'úsáideoirí (bíodh siad in earnáil an oideachais nó aon earnáil eile) a bheith ar fáil ar ardáin soghluaiste chomh maith le deasc.

Is éifeacht ar leith a bhaineann le iTunes ná go bhfuil Apple ag freastal ar an infreastruchtúr a thabhairt suas chun dáta go leanúnach ionas nach bhfuil an brú sin ar áiseanna aonánacha (http://www.ceacht.ie, mar shampla) am a chaitheamh ag dúblú a gcuid oibre.



Fíor IX Úsáid idirlín de réir gléasra, soghluaiste agus deasc. Foinse: Morgan Stanley Research.

Fíor X Úsáid idirlín de réir gléasra: agus deasc (gorm), fón (dearg) agus táibléad (dubh). Foinse: Der Spiegel [43/2012].



CAIBIDIL VII Conclúid: forbairt X-Bealach ó 2013 ar aghaidh

2013…

- Aistritheoir uathoibríoch ESE go EDL
- Aistritheoir uathoibríoch ESE go iTunes agus iTunes go ESE
- 1,000 mír meáin ó Fhoras na Gaeilge. Níl tábhacht ar leith leis an uimhir céanna—is ceann a piocadh go fánach é
- Nasc níos láidre le foinsí meáin eile
- 1,700 mír ó iTunes U indéanta
- Infreastruchtúna inchreidte teanga

2014+…

Suíomh aitheanta mar ardán *de facto* chun ábhar meáin Gaeilge (Éireann & Albain) a chuardach agus a rochtain. Is cuma más cuairteoir fánach thú, cruthaitheoir meáin teilifíse, nuachtáin, raidió nó eile thú; más oideachasóir nó foghlaimeoir san earnáil oideachais ag leibhéal bunscoile, iarbhunscoile nó ollscoile thú; go mbeidh don chéad uair riamh pointe lárnach chun cuardach a dhéanamh ar ábhar Gaeilge, cuma cén ábhar atá ann agus cé thú féin agus cén fáth an bhfuil sé uait.

Tagairtí

iTunes U-COGG

[iTunes U 2012] Tuairisc Chinn Bhliana, iTunes U-COGG: Tréimhse Cothabhála Iúil-Nollaig 2012 agus moltaí ar thodhchaí an chainéal bunaithe ar obair ar iTunes U 2009-2012. Inniúlacht Cartlainne Meán Ard-Media. Chuig COGG.

[iTunes U Feabhra 2012] Tuairisc ar staid reatha an chainéil iTunes U COGG agus moltaí fhéideartha dá fhorbairt i 2012 agus ar aghaidh. Feabhra 2012. ICM. Marcus Ó Conaire.

[iTunes U T1 2012] Tuairisc ar iTunes U-COGG: Obair reatha, cothabháil agus fabhtcheartú ar an gcainéal. Tréimhse Iúil & Lúnasa 2012. Inniúlacht Cartlainne Meán Ard-Media. Chuig COGG.

[iTunes U T1 2012] Tuairisc ar iTunes U-COGG: Obair reatha, cothabháil agus fabhtcheartú ar an gcainéal. Tréimhse Meán Fómhair & Deireadh Fómhair 2012. Inniúlacht Cartlainne Meán Ard-Media. Chuig COGG.

[iTunes U T3 2012] Áirithe in [iTunes U 2012].

[iTunes Tús 2010] Ó Conaire, M. agus Ó Tuairisg, S. Iniúchadh ar Fhéidearthachtaí agus Cur Chuige Bunaithe iTunes University (iTunes U): Tuairisc de chuid Inniúlacht Cartlainne Meán agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh chuig an Chomhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Eanáir 2010.

[iTunes PSM] Apple iTunes U Public Site Manager Reports, https://sitemanager.itunes.apple.com/WebObjects/DZStudio.woa/wa/SignIn.

Cóipchearta

[Cóipchearta I] Leagan amach ar Ráiteas Glanta Cóipchearta i gcóir an chainéil meáin iTunes U-COGG. Marcus Ó Conaire . Deireadh Fómhair 2011. Tuairisc togra chuig Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

[Cóipchearta II] An nasc chuig an Séanadh Cóipchearta Poiblí ar iTunes U-COGG: http://foinn0.oegaillimh.ie/groups/seanadhaguscoipchearta/wiki/9f3f6/Cur_Sios.html.

[Cóipchearta III] Tugtha suas chun dáta in [Ó Conaire 0910_2012]

[CC 2012] Creative Commons Digital Commons, 2012. http://creativecommons.org/licenses/

X-Bealach agus bainteach

[X-Bealach 2012] Ó Conaire, Marcus. X-Bealach: córas bainistithe ábhar meán inaistrithe le Leabharlann Digiteach na hEorpa agus iTunes U, i gcomhar le Foras na Gaeilge. Nollaig 2012.

[CAGG 2010] Ó Conaire, Marcus. Comhtheagmháil Aircíve Gaeilge & Gàidhlig (CAGG): Réiteach Ríomhaireachtúil Inchuardaithe Cothreomhar do Ghaeilge na hÉireann agus Albain. Le cabhair ó Cholmcille. Is inneall lárnach in [X-Bealach 2012] é seo.

[Ó Conaire Foras 2012] Ó Conaire, Marcus. Iarratas chuig Foras na Gaeilge ar mhaoiniú don togra X-Bealach 2.

[Ó Conaire BFCCG 2012] An application to the Galway City and County Enterprise Board from Marcus Ó Conaire t/a SCMN-ICM for the project X-Bealach Hardware. Feabhra 2012. Rathúil Iúil 2012.

[Europeana Technical 2013] Comhfhreagras ó Europeana Technical, 1 Feabhra 2013: The European Commission has officially launched the ADMS-enabled federation on Joinup. You can find a link to the press release below: https://joinup.ec.europa.eu/node/61061

Aguisín I Idirghníomhaíocht le hApple

Tá mé i mbun teagmhála leanúnach le Apple. Is é Éanna Ó Brádaigh mo idirghabhálaí idir an cainéal agus innealtóirí Apple i Meiriceá agus i Sasana é nuair. Mar sin, tugann Apple Ireland tríd Éanna mo cheisteanna comhfhreagrais chuig an rannóg nó pearsa bainteach agus má theastaíonn, eagraíonn sé cruinniú cianda. Seo iad na pearsaí is mó a rinne comhairleoireacht leo:

Pearsa, Ról in Apple	@...ríomhphost
Fágtha ar láir sa leagan foilsithe	

Tábla III Innealtóirí le hApple a thug comhairle i dtaobh ritheacht an chainéil.

Aguisín II Cáilíochtaí bhreise

Cáilíocht	Ionad/Dáta
Apple Server Admin 10.6	BÁC, Meán Fómhair 2010
Apple Xsan 2 Administrator	Londain, Meán Fómhair 2011
Apple Support Essentials 10.6	Beirlín, Bealtaine 2012
Apple Support Essentials, Server Admin 10.7	Baile Átha Cliath, Eanáir 2013

Tábla IV Cáilíochtaí bainte amach le linn "saoil" an chainéil iTunes U-COGG.

Aguisín III Infreastruchtúr trealaimh iTunes U-COGG

Córas freastalaí iTunes U-COGG	Seoladh IP	Rochtain	Balla Dóiteáin	Sonraíocht
http://foinn0.oegaillimh.ie Freastalaí Rochtana lonnaithe i gcampas na hollscoile, Áras na Gaeilge, Gaillimh (go loighciúil i DMZ an ISS)	140.203.205.175	Domhanda—ábhar iTunes inrochtana tríd an meaisín seo	Tá-teastaíonn tollán rochtana uaidh ISS chun an meaisín a rochtain ag leibhéal riartha taobh amuigh den líonra ollscoile	2 x 2.4 GHz Quad-Core Intel Xeon Cuimhne 11 GB 1066 MHz DDR3 Macintosh HD 10.6.8
http://foinn1.oegaillimh.ie Freastalaí Oibre (Ionghabháil/Ingest) lonnaithe in Áras Sorcha Ní Ghuairim, Carna	192.168.205.21	Inmheánach (OÉG amháin) Dorochtana taobh amuigh den chóras ollscoile	Ní bhaineann Ní "fheiceann" an domhan taobh amuigh é	2.8 GHz Quad-Core Intel Xeon Cuimhne 8 GB 1066 MHz DDR3 Macintosh HD 10.6.8
http://foinn2.oegaillimh.ie Freastalaí Oibre (Ionghabháil/Ingest) lonnaithe in Áras Sorcha Ní Ghuairim, Carna	192.168.205.22	Inmheánach (OÉG amháin) Dorochtana taobh amuigh den chóras ollscoile	Ní bhaineann Ní "fheiceann" an domhan taobh amuigh é	2.8 GHz Quad-Core Intel Xeon Cuimhne 8 GB 1066 MHz DDR3 Macintosh HD 10.6.8
Eile	**Sonraí**			
Scáileán Apple 27" LED Cinema Display	Áras Sorcha Ní Ghuairim			
Kingston 8GB (2GB × 4) SDRAM 1066Mhz DDR3 Mac Pro	Cuimhne breise (sna meaisíní)			

Tábla V Cur síos ar shonraíochta na bhfreastalaithe iTunes U-COGG

Aguisín IV Téarmaíocht Apple (staitisticí úsáide)

Réimse	Cur Síos Apple
